COVID-19
Comhairle do thuismitheoirí

Coróinvíreas **COVID-19** Comhairle Sláinte Poiblí

Siomptóim le bheith ag faire amach dóibh agus cathain teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir teaghlaigh

Tá scoileanna ar ais agus tá séasúr an gheimhridh amach romhainn. Gach bliain, faigheann leanaí scoile slaghdáin, fliú agus ionfhabhtuithe eile. An uair seo, tá an choróinvíreas (COVID-19) linn.

Seo treoir maidir leis na siomptóim le bheith ag faire amach dóibh agus cad ba chóir a dhéanamh má tá do leanbh tinn.

Cathain ba chóir do leanbh a choinneáil sa bhaile agus glaoch ar do dhochtúir teaghlaigh

Ná cuir do leanbh ar scoil nó chuig cúram leanaí más fíor aon cheann díobh seo a leanas.

Má bhaineann aon cheann díobh seo le do leanbh:

- teocht 38 céim Celsius nó níos airde
- aon siomptóm coitianta eile a bhaineann leis an gcoróinvíreas cosúil le casacht nua, caillteanas nó athrú ar a gcumas blas nó boladh a fháil, nó gearranáil
- má bhí siad i ndlúth-theagmháil le duine a fuair toradh deimhneach ar thástáil maidir leis an gcoróinvíreas
- má tá cónaí orthu le duine atá tinn agus a bhféadfadh an choróinvíreas a bheith air

Beidh ort:

1. Do leanbh a aonrú. Ciallaíonn sé seo iad a choinneáil sa bhaile agus teagmháil le daoine eile a sheachaint go hiomlán, a oiread agus is féidir. Níor chóir do do leanbh do theach a fhágáil ach amháin chun tástáil a dhéanamh nó chun do dhochtúir teaghlaigh a fheiceáil.
2. Glaoch ar do dhochtúir teaghlaigh. Cuirfidh siad comhairle ort cibé an bhfuil tástáil don choróinvíreas ag teastáil ó do leanbh nó nach bhfuil.
3. Ba chóir do gach duine a bhfuil cónaí orthu le do leanbh srian a chur lena ngluaiseachtaí freisin, ar a laghad go dtí go bhfaighidh do leanbh diagnóis óna dhochtúir teaghlaigh nó ó thoradh tástála don choróinvíreas. Ciallaíonn sé sin gan dul ar scoil, chuig cúram leanaí nó ag obair.
4. Cuir cóir leighis ar do leanbh sa bhaile le haghaidh a gcuid siomptóm.

Cathain ba chóir do leanbh a chur ar scoil nó chuig cúram leanaí

Go ginearálta is féidir do leanbh a chur ar scoil nó chuig cúram leanaí:

- mura bhfuil acu ach siomptóim sróine, mar shampla srón ag sileadh nó sraothartach
- mura bhfuil teocht 38 céim Celsius nó níos airde acu (chomh fada is nár íslíodh a dteocht trí aon chineál paraicéiteamóil nó iobúpróifein a ghlacadh)
- mura bhfuil casacht orthu
- mura raibh siad i ndlúth-theagmháil le duine ar bith a bhfuil an choróinvíreas orthu
- mura bhfuil cónaí orthu le duine ar bith atá tinn agus a bhféadfadh an choróinvíreas a bheith orthu
- má dúirt Dochtúir Teaghlaigh gur rud éigin eile is cúis lena dtinneas, nach í an choróinvíreas atá i gceist. Inseoidh do dhochtúir teaghlaigh cathain is féidir leo filleadh ar scoil nó ar chúram leanaí
- má fuair siad toradh diúltach ar thástáil don choróinvíreas ('níor aimsíodh an choróinvíreas') agus mura raibh siomptóim acu le 48 uair an chloig

Formhór an ama, ní gá duit glaoch ar do dhochtúir teaghlaigh más srón ag sileadh nó sraothartach agus sin amháin siomptóim an linbh. Labhair le do chógaiseoir ina ionad sin.

Leathadh na breoiteachta a chosc

Cuidigh le leanaí an chomhairle seo a thuiscint agus a leanúint:

Lámha a ní go rialta

Ciarsúr páipéir nó uillinn a úsáid agus iad ag casacht nó ag sraothartach

Fanacht amach ó dhaoine atá ag sraothartach nó ag casacht

Gan bréagáin a roinnt

Gan bia a roinnt ag am lóin nó aon uair eile

Tuilleadh eolais

Téigh chuig hse.ie/coronavirus le haghaidh tuilleadh faisnéise. Cuimsíonn sé seo comhairle ar na rudaí seo a leanas:

- do leanbh a chosaint ón gcoróinvíreas
- má tá siomptóim an choróinvíris ag do leanbh
- comhairle leighis phráinneach a fháil má tá do leanbh an-tinn
- leanaí le bunriochtaí sláinte
- an choróinvíreas a mhíniú do do leanbh
- conas ba chóir do leanaí a lámha a ní
- ag tabhairt aire do leanbh atá ag aonrú agus féin-aonrú
- cóireáil a dhéanamh ar shiomptóim an choróinvíris sa bhaile
- do leanbh a thabhairt chuig ionad tástála agus torthaí tástála

Vacsaín fliú

I mbliana, cuirfear **an vacsaín fliú sróine ar fáil saor in aisce** do gach leanbh idir **2 agus 12 bliana d'aois. Féach hse.ie/flu**



Le haghaidh nuashonruithe téigh chuig

www.gov.ie/health-covid-19
www.hse.ie

Foilsithe: Lúnasa 2020

Tá an chomhairle sláinte pobail in Éirinn ag teacht le comhairle **WHO** agus **ECDC**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland